

# Teagasc trí Ealaín Chomhaimseartha


## Kieran Gallagher

## Múinteoir Ealaíne Iar-bhunscoile




Tugann an aiste seo breac-chuntas ar staidéar a phléann freagraí ó scoláirí iar-bhunscoile faoi thaispeántas ealaíne comhaimseartha i ngailearaí. Ina theannta sin, fiosraíonn an aiste ról taithí ealaíonta roimhe seo agus ealaín á déanamh sa seomra ranga mar fhreagra ar chuairteanna ealaíne sa ghailearaí. Sa bhuntaighde leagadh amach an chaoi a bhféadfainn tuiscint na scoláirí ar phróiseas agus ar choincheap i gcleachtadh ealaíne a éascú trí rannpháirtíocht le healaín chomhaimseartha i suíomh gailearaí. Léiríonn na torthaí nuair a rinneadh pobal cleachtais, gur éirigh na teorainneacha idir an múinteoir agus scoláirí doiléir, spreagadh scoláirí, d'éirigh siad féintreoraithe agus ghlac siad úinéireacht ar a gcuid saothar féin. Bhí tionchar dearfach ag ról an ghailearaí mar thimpeallacht foghlama agus ag ról an ealaíontóra freisin ar thorthaí an tionscadail. Ar deireadh déanaim plé ar na torthaí a bhí ar an tionscadal seo agus an chaoi a ndeachaigh an tionscadal i bhfeidhm ar mo chuid teagaisc agus ar fhoghlaim na scoláirí.


Nuair a d'fhág mé an coláiste tar éis dom mo dhioplóma sa mhúinteoireacht a bhaint amach, d'éirigh liom post múinteoireachta ealaíne a fháil ar bhonn lánaimseartha. Bhí 22 uair múinteoireachta agam agus ba mise an t-aon mhúinteoir ealaíne sa scoil, bhí an t-ádh liom. Le linn na tréimhse seo d'fhorbair mé curaclam ar éirigh leis, ach theastaigh uaim dúshlán a thabhairt do mo chuid teagaisc; agus teacht ar bhealaí nua teagaisc agus foghlama. Ba iad foghlaim gailearaithe agus ealaín chomhaimseartha na réimsí den churaclam ar a dhírigh mé sa bhuntionscadal Taighde Máistreachta. Cén chaoi a bhféadfainn na réimsí seo a úsáid chun cur le mo theagasc? Cosúil le formhór múinteoirí ealaíne, thaispeáin mé samplaí d'ealaín chomhaimseartha do mo rang ach ba ghné é den churaclam ealaíne a sheachnaíonn múinteoirí ealaíne, mé féin san áireamh. Domsa, ba é an smaoineamh den rud anaithnid a mhúineadh a chuir as dom - físeán, téacs, suiteán ealaíne - cén chaoi a bhféadfainn é a mhíniú? Tríd an taighde, thuig mé nach raibh gá le healaín chomhaimseartha a mhíniú, ach ina n-áit sin d'fhéadfainn an caidreamh múinteora-scoláire traidisiúnta a athrú agus mar an múinteoir d'fhéadfainn oibriú le hais na scoláirí, agus é a fhiosrú mar fhoghlaimeoir. Theastaigh uaim go bhforbródh mo chuid scoláirí tuiscint níos fearr ar a bhfuil i gceist leis an ealaíontóir, céard a dhéanann siad don lá ar fad? Cén chaoi a n-éiríonn leo saothair ealaíne a chur i gcrích? Theastaigh

uaim go ndéanfaidís an coincheap agus an próiseas a bhaineann le cleachtadh ealaíne comhaimseartha a fhiosrú agus a thuiscint. Ba é an bealach ab fhearr chun a chinntiú go dtuigfidís an coincheap seo ná iad a chur ag obair mar ealaíontóirí seachas mar scoláirí ealaíne ar bhealach féintreoraithe. Rinne mé an cinneadh é seo a dhéanamh trí rannpháirtíocht ghníomhach le healaíontóir agus le gailearaí.

**Pleanáil**

Bhí go leor pleanála de dhíth chun an tionscadal a dhéanamh: b’fhiú go mór an t-am a chaitheamh. B’éigean dom grúpa oiriúnach scoláirí, gailearaí, ealaíontóirí agus téama a roghnú mar aon le cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi leis an tionscadal a chur i bhfeidhm, cén modh teagaisc le húsáid. Roghnaigh mé grúpa an dara bliain, ina raibh 20 cailín agus 4 bhuachaill, de chumais mheasctha. Maidir le curaclam, shíl mé go mbeadh an dara bliain foirfe toisc go mbainim úsáid as an gcéad bhliain chun na bunghnéithe ealaíne a thabhairt isteach agus chun tógáil ar scileanna. Shíl mé freisin go gcabhródh gné féintreoraithe an tionscadail seo chun na scoláirí a spreagadh le bheith níos neamhspleáiche sa tríú bliain. Nuair ab éigean dom téama a roghnú roghnaigh mé *féiniúlacht*. Trí thaighde ealaíontóirí agus staidéar a dhéanamh ar thionscadail oideachais ealaíne comhaimseartha eile, b’fhearr a d'fheil téamaí oscailte a bhféadfadh scoláirí nascadh go héasca leo. Rinne mé machnamh ar líon téamaí agus roghnaigh mé féiniúlacht, mar gheall go raibh sé éasca saothar ealaíne comhaimseartha oiriúnach a aimsiú a thagann leis an téama sin. Ar deireadh, theastaigh ionad agus ealaíontóir uaim a bheadh toilteanach páirt a ghlacadh sa tionscadal. Roghnaigh mé Gailearaí Highlanes toisc go raibh an Stiúrthóir Aoife Ruane an-toilteanach páirt a ghlacadh sa smaoineamh seo maidir le healaín chomhaimseartha a thabhairt isteach sa seomra ranga. Bhí an taispeántas “Not Sorry” le Theresa Nanigian á thaispeáint sa ghailearaí go dtí deireadh mhí na Bealtaine agus bhí Theresa toilteanach an taispeántas agus a cleachtadh ealaíne a phlé le mo scoláirí. Bhain an taispeántas leis an téama agus bhí grianghraif mhóra agus saothair ealaíne théacsbhunaithe i gceist.



**Cur i bhfeidhm an Tionscadail**

Ghlac mé cur chuige simplí chun an tionscadal a chur i láthair don ghrúpa; bhain mé úsáid as taispeántas sleamhnán Prezi chun bonn a chur faoi phlé ar a raibh i gceist le healaín chomhaimseartha agus faoin gceist ‘cad is ealaín ann’? Ba é an rogha ab fhearr liom ná ligean do na scoláirí a gcuid dearcthaí agus a dtuairimí féin a dhéanamh, agus an t-eolas a tharraingt amach uathu seachas na freagraí a thabhairt do na scoláirí. Ba dheas an t-ábhar iontais agam é a bhfreagairt don tionscadal agus don saothar ealaíne a bhí á thaispeáint agam dóibh. Bhí an-tóir ar an suiteán idirghníomhach “The Event of a Thread” le Anne Hamilton agus ba léir go dtuigeann na scoláirí tábhacht rannpháirtíocht an bhreathnóra sa saothar ealaíne. Bhí dearcthaí dearfacha ag scoláirí ar ealaín chomhaimseartha agus ní bhfuair mé aon teachtaireacht dhiúltach faoin saothar a bhí ar taispeáint. B’fhéidir gur tharla sin mar gheall gur iarr mé orthu féachaint ar an saothar ar bhealach dearfach, gan aon teachtaireachtaí “is féidir le duine ar bith an méid sin a dhéanamh.” Níos tábhachtaí fós, bhí scoláirí ceart go leor nach raibh tuiscint acu ar gach rud faoi na saothair ealaíne a taispeánadh. Chun teacht le healaín chomhaimseartha a chur i láthair dóibh, theastaigh uaim freisin

na scoláirí a chur ag obair go neamhspleách mar ealaíontóirí. Chuir mé na scoláirí ag déanamh a gcuid leabhar sceitseála A4 féin as páipéar A3 agus sreangán, agus ansin chruthaigh siad a gcuid dearadh clúdaigh féin, bunaithe go scaoilte ar théama na féiniúlachta.

**(Cuairt ar Dhánlanna)**

Chun rath a bheith ar an tionscadal, rinne mé cinneadh cuairt a thabhairt ar an ngailearaí faoi dhó, cuairt amháin chun na scoláirí a chur ar an eolas faoin spás gailearaithe agus saothar ealaíne agus ar an dara cuairt chun cur lena dtuairimí faoi na saothair ealaíne agus chun cuairt a thabhairt ar an ealaíontóir chun a cleachtas ealaíne a phlé. Le linn na chéad chuairte ar an ngailearaí thóg mé an cinneadh céim siar a ghlacadh ó na scoláirí agus ligean dóibh saoirse iomlán a bheith acu ar an ngailearaí, chun iniúchadh a dhéanamh air iad féin. Mar mhúinteoir bhí sé seo ar cheann de na heispéiris ba dheacra sa teagasc go dtí seo. Ní raibh mé ag idirghníomhú leis na scoláirí laistigh den ghailearaí agus ina ionad sin thug mé amach na bileoga eolais agus na leabhair sceitseála agus lig mé do na scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar an ngailearaí iad féin. Bhí formhór na scoláirí cúthail ar dtús, ag spaisteoireacht thart ar an saothar agus iad neamhchinnte den mhéid a bhí le déanamh. De réir a chéile tháinig siad i dtaithí ar an spás agus thosaigh siad ag obair ar a gcuid bileoga eolais. Bhí gach scoláire ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí níos mó ná beirteanna, rud a shíl mé a bhí spéisiúil, agus duine éigin ag teastáil uathu chun athdhearbhú nó tacaíocht a fháil uathu. Don dara leath den chuairt, chuir mé na scoláirí ina suí i gciorcal chun an taispeántas a phlé. Ba bhealach iontach é seo do na scoláirí machnamh a dhéanamh ar an taithí, bealach chun tuilleadh feola a chur ar an saothar agus chun a ndearcthaí a phlé faoin saothar ealaíne.

Ní raibh ach seachtain amháin idir an chéad chuairt agus an dara cuairt ar an ngailearaí. Le linn an ama sin, lig mé do na scoláirí a gclúdaigh leabhair sceitseála a fhorbairt, tús a chur le tobsmaointeoireacht ar an téama agus coincheap dá dtionscadal a fhorbairt. Ina theannta sin, chum na scoláirí ceisteanna le cur ar an ealaíontóir, Theresa Nanigian, a rinne iniúchadh ar an bpróiseas agus na coincheapa a bhaineann le haistear na saothar ealaíne ó smaoineamh go gailearaí. Dá mba rud é go raibh gné amháin den tionscadal a d’imir príomhról chun rath a bhaint amach, chaithfinn a rá gurb é sin an t-idirghníomhú leis an ealaíontóir sa spás gailearaí. Bhí na scoláirí ar bís chun bualadh le healaíontóir “fíor”. Bhí Theresa cineálta agus flaithiúil lena cuid ama. Labhair sí faoina cleachtas ealaíne féin agus faoin gcaoi a bhforbraíonn sí a smaointe trína próiseas ealaíonta, agus ghlac sí an t-am chun labhairt leis na scoláirí faoina dtuairimí féin faoina dtionscadal.



**Foghlaim fhéintreoraithe**

Ar ais sa seomra ranga rinne na scoláirí machnamh ar chaint an ealaíontóra, agus iad spreagtha óna gcuairt, chuir siad tús lena gcuid oibre ar a dtionscadail féin. Leag mé amach roinnt treoracha do na scoláirí chun tobsmaoineamh, taighde agus triail a bhaint as iad féin. Ar dtús bhí deacracht ag formhór na scoláirí faoin áit le tosú nó cad le déanamh, mar nach raibh talamh slán déanta de ach den téama: féiniúlacht. Ach de réir mar a rinne an tionscadal dul chun cinn réitigh na scoláirí an bealach don tionscadal. D'oibrigh roinnt scoláirí i ngrúpaí le tosú ach de réir mar a chuaigh an t-am ar aghaidh, bhí difríocht sna smaointe agus chuaigh siad i dtreonna ar leith. Bhí critící rialta agam leo maidir lena ndul chun cinn agus chuir mé i gcuimhne dóibh an tábhacht a bhaineann leis an bpróiseas ealaíona a thaifeadadh seachas imní a léiriú faoin toradh ar deireadh. Rinne mé iarracht gan baint a bheith agam leis an obair, ag oibriú mar áisitheoir seachas mar mhúinteoir ag treorú an tionscadail. Thart ar lárphointe an tionscadail, thug mé isteach mo chuid ealaíne féin agus thaispeáin mé do na scoláirí an méid a bhí idir lámha agam mar ealaíontóir a bhíonn ag cleachtadh mo cheirde. Tar éis an phlé seo agus chun mé a choimeád ó bheith páirteach ina dtionscadail, thosaigh mé ag oibriú ar líníocht sa seomra ranga. Dá réir sin, chruthaíomar timpeallacht stiúideo ealaíne, ceann a bhí bunaithe ar phobal cleachtais, ag oibriú le chéile ar théama comhchosúil ach ar shaothair ar leith. Ba é príomhphointe an tionscadail seo gan na saothair ealaíne a chruthaigh na scoláirí a mheas ach an t-aistear a thaifead na scoláirí ina leabhair sceitseála a mheas agus an chaoi inar oibrigh scoláirí i dtimpeallacht foghlama nua a mheas. In ainneoin sin chruthaigh gach scoláire píosa ealaíne críochnaithe, agus tar éis é a phlé theastaigh uathu é a chur ar taispeáint. Mar sin d'iompaigh na scoláirí an seomra ealaíne ina mhionghailearaí ar feadh cúpla lá, ag oibriú le chéile chun a mionthaispeántas féin a choimeád.





**Torthaí an Tionscadail**

Tá na scoláirí a ghlac páirt sa tionscadal seo san idirbhliain agus sa chúigiú bliain faoi láthair. Bhí na torthaí a fuair an grúpa scoláirí seo in ealaín an teastais shóisearaigh ar na gráid ab fhearr a fuair an scoil riamh sa roinn ealaíne. Chomh maith leis na scoláirí, tugaim faoi deara go raibh príomhról ag an tionscadal seo ar na torthaí a fuarthas. Luaigh na scoláirí go raibh siad muiníneach oibriú go neamhspleách agus go raibh siad muiníneach ina dtuairimí, agus dá réir sin chuir an méid sin lena ráta oibre.

Tar éis an tionscadal a chur i láthair i mo chleachtas múinteoireachta bhí go leor forbairtí dearfacha laistigh den seomra ranga agus le gailearaí Highlanes. Bhí sé soiléir an tionchar acadúil a bhí ag an tionscadal ar scoláirí a fheiceáil. Le linn an tríú bliain ba léir gur thuig na scoláirí go soiléir an chaoi le tús a chur lena dtionscadal, ag oibriú le téama roghnaithe agus an méid a bhí le déanamh dá staidéir thacaíochta, a bhíodh mar chrá croí do theagasc an teastais shóisearaigh. As an 24 scoláire a ghlac páirt sa tionscadal seo fuair 19 scoláire A i dtionscadal ealaíne an teastais shóisearaigh. Is féidir liom a rá go macánta go raibh tionchar díreach ag an tionscadal seo ar a meon oibre.

Tá nasc agus caidreamh iontach tógtha idir ár scoil, a scoláirí agus Gailearaí Highlanes. Ó bunaíodh nasc leis an timpeallacht foghlama nua seo thug líon grúpaí ranga, idir scoláirí na sraithe sóisearaí agus sinsearaí, cuairt ní hamháin ar thaispeántais, ach freisin d'fhéach siad sa chúlra ar an gcaoi le taispeántas a shuiteáil, agus d'fhreastail siad ar chainteanna ealaíontóra a cuireadh ar bun le haghaidh scoláirí meánscoile amháin. Mar chuid d'Oíche Chultúir 2015, taispeánadh taighde scoláirí ar leabhair nótaí, grianghraif den tionscadal agus líníocht a chruthaigh mé sa seomra ranga sa Ghailearaí mar chuid de thaispeántas beag dár teideal "Cén chaoi: Múinteoirí, Daoine Óga agus Ealaín". Le gairid, shocraigh Aoife Ruane, stiúrthóir ar Ghailearaí Highlanes, go labhródh Ann Jones, coimeádaí ar bhailiúchán Chomhairle Ealaíon Shasana, le scoláirí na hidirbhliana faoina mbailiúchán ealaíne agus thug sí turas treoraithe dóibh den taispeántas "One Day Something Happens". Cuireadh an turas seo ar bun an lá sular osclaíodh an taispeántas don phobal i gcoitinne, le linn leagan deiridh a chur ar an taispeántas. Bhí taithí phearsanta ag na scoláirí ar an atmaisféar gnóthach a bhaineann le mórthaispeántas péinteála a shuiteáil, thug siad faoi deara an chaoi le saothair ealaíne a láimhseáil agus an chaoi ar féidir dath ar bhalla agus soilsiú tionchar a bheith acu ar shaothar ealaíne. Tá níos mó tionscadal ar na bacáin freisin le haghaidh 2016.

Mar mhúinteoir is féidir liom súil siar a chaitheamh agus a rá go macánta gur athraigh an tionscadal seo an chaoi a ndéanaim teagasc. Thosaigh sé mar thionscadal taighde simplí agus rinneadh forbairt air chun rud níos mó ná sin a dhéanamh. Rinne mé níos mó den fhoghlaim fhéintreoraithe a chuimsiú i mo sheomra ranga ar bhealach muiníneach. Baineann gach scoláire úsáid as leabhair sceitseála nó dialanna físiúla agus déanann siad a 'gcleachtas ealaíne' a thaifeadadh le hais a saothair ar deireadh a chruthú. Bhí tionchar ollmhór ag an nasc seo a bunaíodh le gailearaí ealaíne comhaimseartha áitiúil ar fhoghlaim mo scoláirí agus ar a dtuiscint ar conas a chruthaítear ealaín.



Aiste Coimisiúnaithe ag Tairseach na nEalaíon san Oideachas, 2015